**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0318/2021**

27.5.2021

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir leis an athbhreithniú ar an Rialachán Airgeadais agus na treoirlínte ón gCoimisiún ar sholáthar poiblí do chonarthaí seirbhíse a bhaineann le beartas

**Pascal Durand, Rasmus Andresen, Eric Andrieu, Maria Arena, Benoît Biteau, Damian Boeselager, Gilles Boyer, Damien Carême, Anna Cavazzini, Catherine Chabaud, David Cormand, Daniel Freund, Raphaël Glucksmann, Charles Goerens, Claude Gruffat, Bernard Guetta, Sylvie Guillaume, Valérie Hayer, Martin Hojsík, Yannick Jadot, Pierre Karleskind, Fabienne Keller, Aurore Lalucq, Pierre Larrouturou, Tilly Metz, Nathalie Loiseau, Marisa Matias, Nora Mebarek, Olivier Chastel, Dimitrios Papadimoulis, Dominique Riquet, Michèle Rivasi, Mounir Satouri, Marie Toussaint, Ernest Urtasun, Adrián Vázquez Lázara, Marie-Pierre Vedrenne, Stéphanie Yon-Courtin**

**B9-0318/2021**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an athbhreithniú ar an Rialachán Airgeadais agus na treoirlínte ón gCoimisiún ar sholáthar poiblí do chonarthaí seirbhíse a bhaineann le beartas**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí gur admhaigh an Coimisiún[1] an riachtanas atá ann le féachaint ar leasuithe a dhéanamh ar Rialachán (AE,Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais[2] (an Rialachán Airgeadais) chun cosc a chur ar roghnúchán tairgeoirí a d'fhéadfadh a bheith i gcás ina bhfuil coinbhleacht leasa i gceist agus chun feabhas a chur ar na treoirlínte cur chun feidhme (Vademecum) maidir le cur i bhfeidhm an choincheapa maidir le leasanna proifisiúnta contrártha ;

1. á chur i bhfáth go láidir nach bhfuil Vademecum an Choimisiúin maidir le soláthar poiblí curtha ar fáil go poiblí agus ag tabhairt dá haire dá bhrí sin nárbh fhéidir leis h an bParlaimint maoirseacht chuí a dhéanamh ar an gCoimisiún maidir le cur chun feidhme bhuiséid an Aontais;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún soiléiriú a dhéanamh ar an gcoincheap maidir le leasanna proifisiúnta contrártha agus a threoirlínte a leathnú don mheastóireacht ar thairiscintí poiblí le go gcumhdóidh siad níos mó gnéithe ná na seirbhísí a sholáthraíonn an conraitheoir tairisceana;

3. ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú nach gceadaíonn a rialacha cur chun feidhme i ndáil le soláthar poiblí conarthaí seirbhíse a bhaineann le beartas a dhámhachtain ar ghnóthais atá faoi cheannas eacnamaíoch máthairghnóthais nó grúpa a bhfuil lámh aige i gníomhaíochtaí nach bhfuil i gcomhréir le cuspóirí comhshaoil agus sóisialta an Aontais ná le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais;

4. á iarraidh ar choiste ábhartha na Parlaiminte seasamh a ghlacadh ar an tsaincheist seo le tairiscint i gcomhair rúin.

[1] Freagra ón gCoimisiún Eorpach ar an gCinneadh ón Ombudsman Eorpach igcás853/2020/KR.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.